

Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide

Foilsiú folúntais le haghaidh phost an Chinn Ionadaíochta i Lucsamburg

(Gníomhaire Sealadach – Grád AD13)

(Airteagal 2(b) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh)

COM/2026/10482

Cé sinn

Tá an Coimisiún Eorpach ag eagrú próiseas roghnúcháin seachtrach le haghaidh gníomhaire sealadach chun post an Chinn Ionadaíochta i Lucsamburg a líonadh. Is i Lucsamburg atá an post seo. Cuid d'Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide í an Ionadaíocht (Stiúrthóireacht C, 'Ionadaíochtaí agus Cumarsáid sna Ballstáit').

Is seirbhís chumarsáide chorparáideach í Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide (AS COMM) a thuairiscíonn don Uachtarán, a chuireann tosaíochtaí polaitiúla an Choimisiúin Eorpaigh chun cinn agus a chuidíonn leis an Eoraip a thabhairt níos gaire do shaoránaigh.

Is iad na hIonadaíochtaí – mar chuid de AS COMM – súile, cluasa agus guth an Choimisiúin ar an láthair i mBallstáit uile an Aontais.

Déanann na hIonadaíochtaí ionadaíocht don Choimisiún sna Ballstáit: Cuireann siad tuairimí an Choimisiúin in iúl do na húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, do na parlaimintí, do na saoránaigh agus do dhaoine eile.

Tacaíocht do Chomhaltaí an Cholaíste: Bíonn siad ag obair chun go mbeidh rath ar chuirteanna na gCoimisinéirí ar na Ballstáit, trí chruinnithe agus trí chlúdach na meán a eagrú, trí fhaisnéis a chur ar fáil faoi na forbairtí polaitiúla is déanaí, agus trína chinntiú go ndéanfar obair leantach.

Eolas polaitiúil agus eacnamaíoch agus anailís pholaitiúil agus eacnamaíoch: Déanann na hIonadaíochtaí tuairisciú ar fhorbairtí polaitiúla agus eacnamaíocha sna Ballstáit agus cuireann siad eolas cothrom le dáta ar fáil don Uachtarán agus don Cholaíste maidir le treochtaí agus imeachtaí atá ar siúl ar fud an Aontais.

Obair leis na meáin náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla: In éineacht leis an tSeirbhís Urlabhraí, cuireann Ionadaíochtaí eolas faoi thosaíochtaí agus obair an Choimisiúin ar fáil d'iriseoirí, eagraíonn siad preasagallaimh, freagraíonn siad ceisteanna agus cuireann siad deireadh le míthuiscintí nuair is gá. Cuireann siad teachtaireacht an Choimisiúin in oiriúint do riachtanais áitiúla.

Teagmháil leis na saoránaigh: Is mol eolais an Aontais sna Ballstáit iad na hIonadaíochtaí. Déanann siad teagmháil le saoránaigh agus bíonn siad ag idirghníomhú leo go fisiceach agus tríd na meáin shóisialta agus déanann siad obair na líonraí eolais a chomhordú.

An tairiscint

Post mar Cheann Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh i Lucsamburg.

I measc na bhfreagrachtaí tá an méid seo a leanas:

- feidhmiú mar Urlabhraí an Choimisiúin sa Bhallstát óstach;
- straitéis a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun beartais an Choimisiúin a mhíniú agus chun tacaíocht do na beartais sin a chothú, lena n-áirítear ar an leibhéal sinsearach;
- feachtais chumarsáide áitiúla a fhorbairt agus a bhainistiú i ndlúthchomhar le foirne AS COMM sa Cheanncheathrú i gcomhréir le tosaíochtaí cumarsáide an Choimisiúin;
- monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí polaitiúla, eacnamaíocha agus sóisialta agus tuairisciú ar ais a dhéanamh maidir leo;
- bainistiú straitéiseach ghníomhaíochtaí na hIonadaíochta, maidir lena hacmhainní daonna agus airgeadais, agus a gcomhleanúnachas agus a gcomhoiriúnacht le tosaíochtaí cumarsáide an Choimisiúin á gcinntiú an tráth céanna, i gcomhréir leis na cuspóirí bliantúla;
- líonraí eolais an Choimisiúin a stiúradh sa Bhallstát óstach;
- an comhar le hOifig Idirchaidrimh Pharlaimint na hEorpa a chomhordú.

Déanann an Ceann Ionadaíochta maoirseacht ar gach gné den Ionadaíocht agus feidhmíonn sé mar Oifigeach Údarúcháin trí Fhotharmligeán (AOSD); dá bhrí sin, meastar an post a bheith ‘íogair’. Tá teorainn 3 bliana le fad tosaigh an tsainordaithe agus féadfar síneadh amháin 2 bhliain ar a mhéad a chur leis.

Cad atá á lorg againn (na critéir roghnúcháin)

Ba cheart na scileanna seo a leanas a bheith ag iarrthóirí:

Buanna pearsanta

- Cumas láidir caidreamh oibre dearfach agus comhoibríoch a fhorbairt le comhpháirtithe agus le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha ar an leibhéal sinsearach
- Sárscileanna cumarsáide agus ionadaíochta
- Cumas léirithe tosaíochtaí a aithint, bealaí cur chuige a cheapadh agus freagairt go tapa d’imthosca a bhíonn ag athrú go tapa

Sainscileanna agus saintaithí

- Sáreolas ar thosaíochtaí polaitiúla an Choimisiúin agus ar an gcaidreamh idirinstiúideach
- Beidh na nithe seo a leanas ina mbuntáiste mór ag an iarrthóir: taithí oibre a fuarthas i réimse na cumarsáide, na meán nó i réimse na ngnóthaí polaitiúla agus eacnamaíocha, lena n-áirítear páirt a ghlacadh sa chaibidlíocht nó caibidlíocht a ullmhú ar an leibhéal sinsearach nó ar an leibhéal polaitiúil agus rochtain ar líonra ábhartha sa Bhallstát óstach
- Tuiscint ar scagchuarda riaracháin agus airgeadais sa Choimisiún
- Sáreolas ar an staid pholaitiúil agus ar na meáin sa tír óstach

Scileanna bainistíochta

- An cumas a bheith ag obair i ndlúthchomhar thar achar geografach
- An cumas foireann ildisciplíneach ilchultúrtha a stiúradh agus a spreagadh i dtimpeallacht pholaitiúil chasta
- An cumas cuspóirí na hIonadaíochta a shocrú agus a athrú i gcomhréir le príomhghníomhaíochtaí Cumarsáide an Choimisiúin

- An cumas tosaíochtaí a shainiú agus díriú orthu, obair leantach agus meastóireacht a dhéanamh ar an obair a dhéantar chun na cuspóirí a bhaint amach
- An cumas baill foirne cháilithe a earcú agus a choinneáil

Ní mór na cáilíochtaí seo a bheith ag iarrthóirí (ceanglais incháilitheachta)

Ní mór do gach iarrthóir na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 12 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh¹.

Na critéir fhoirmiúla seo a leanas nach mór a bheith comhlíonta **faoin sprioc-am le hiarratas a dhéanamh**, is ar a mbonn siúd amháin a chuirfear na hiarrthóirí san áireamh nuair a bheidh an rogha á déanamh:

- Náisiúntacht: ní mór d'iarrthóirí a bheith ina saoránaigh de Bhallstát den Aontas Eorpach.
- Céim nó diplóma ollscoile: ní mór d'iarrthóirí:
 - leibhéal oideachais a bheith acu is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ar baineadh diplóma amach dá bharr i gcás ina maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 4 bliana nó níos mó;
 - sin nó leibhéal oideachais a bheith acu is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ar baineadh diplóma amach dá bharr agus taithí ghairmiúil iomchuí dar fad bliain amháin ar a laghad i gcás ina maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 3 bliana ar a laghad (ní féidir an bhliain sin de thaithí ghairmiúil a chur san áireamh sa taithí ghairmiúil iarchéime a iarrtar thíos).

Ní ghlacfar ach le diplómaí a bronnadh i mBallstát den Aontas Eorpach nó le diplómaí a bhfuil teastais chomhluacha ag gabháil leo a d'eisigh na húdaráis i gceann de na Ballstáit sin.

- Taithí ghairmiúil: Ar an dáta deiridh le hiarratais a dhéanamh, arna leagan síos san fhógra seo, ní mór do na hiarrthóirí a thaispeáint go bhfuil acu, mar aon leis na cáilíochtaí a iarrtar thuas, 15 bliana ar a laghad de thaithí ghairmiúil, a fuair siad i ndiaidh dóibh an diplóma a bhaint amach a theastaíonn le cur isteach ar an bpróiseas roghnúcháin². Ní mór 4 bliana ar a laghad den taithí oibre 15 bliana sin a bheith faighte i bpoist bhainistíochta. Ba cheart d'iarrthóirí na nithe seo a leanas a léiriú go soiléir ina curriculum vitae (1) teideal agus ról na bpost bainistíochta a bhí acu agus (2) an líon ball foirne a ndearna siad maoirseacht orthu sna poist sin sna blianta go léir ina bhfuair siad taithí bhainistíochta.
- Teangacha: De réir phointe (e) d'Airteagal 12(2) de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, ní mór eolas cuimsitheach ar cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh³ a bheith ag iarrthóirí agus eolas sásúil a bheith acu ar cheann eile de na teangacha sin.

Chun freastal ar riachtanais na seirbhíse, teastaíonn an cumas oibriú i dteangacha oifigiúla na tíre ósta: Fraincis, Gearmáinis agus Lucsambuirgis⁴.

- Teorainn aoise: Ní mór do na hiarrthóirí a bheith in ann an sainordú iomlán 3 bliana ar a laghad a chur i gcrích sula mbainfidh siad an ghnáthaois scoir amach, aois atá sainithe, do chomhaltaí d'fhoireann

¹ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A01962R0031-20140501>

² Ní chuirtear taithí ghairmiúil san áireamh ach amháin más caidreamh oibre iarbhir atá i gceist léi, caidreamh arb é an sainmhíniú atá air fíorobair a bhfuair siad pá aisti i gcáil fostaí (ar aon chineál conartha) nó soláthraí seirbhíse. Is ar bhonn *pro rata* a dhéanfar gníomhaíochtaí gairmiúla a rinneadh ar bhonn páirtaimseartha a ríomh, de réir an chéatadán dheimhnithe de na huairéanta lánaimseartha a d'oibrigh an t-iarrthóir. Tá saoire mháithreachais/saoire do thuismitheoirí/saoire chun páiste a uchtú san áireamh más faoi chuimsiú conradh oibre a glacadh an tsaoire sin. Is cuid den taithí ghairmiúil i dochtúireacht, fiú amháin nuair nach dochtúireacht ar pá i, ach uastréimhse 3 bliana amháin atá i gceist sa chás sin, agus ar choinníoll gur éirigh leis an iarrthóir an dochtúireacht a bhaint amach. Ní féidir tréimhse a chomhaireamh ach uair amháin.

³ <http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:01958R0001-20130701&qid=1408533709461&from=GA>

⁴ <http://legilux.public.lu/eli/etat/leg/loi/1984/02/24/n1/jo>

shealadach an Aontais Eorpaigh, mar dheireadh na míosa inar shlánaigh an duine 66 bliana (féach Airteagal 47 de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile)⁵.

Próiseas roghnúcháin

Déanfar an roghnú de réir nósanna imeachta roghnúcháin an Choimisiúin Eorpaigh (Cinneadh ón gCoimisiún an 15 Meitheamh 2016 maidir le foireann meánbhainistíochta C(2016) 3288)⁶.

Tá dhá chéim ar leith sa phróiseas, ceann i ndiaidh a chéile:

1. Réamhroghnú

Mar chuid den phróiseas roghnúcháin seo, cuirfidh an Coimisiún Eorpach painéal réamhroghnúcháin ar bun.

Tá an painéal réamhroghnúcháin comhdhéanta i gcomhréir leis an gCinneadh ón gCoimisiún an 15 Meitheamh 2016 maidir le foireann mheánbhainistíochta C(2016) 3288.

Déanfaidh an painéal sin anailís ar na hiarratais go léir, rachaidh sé ar aghaidh leis an gcéad fhíorú incháilitheachta agus sainaithneoidh sé na hiarrthóirí a bhfuil na próifílí is fearr acu i bhfianaise na gcritéar roghnúcháin atá luaite thuas, agus a bhféadfaí cuireadh a thabhairt dóibh agallamh a dhéanamh leis an bpainéal réamhroghnúcháin.

Chun é a chur ar chumas an phainéil réamhroghnúcháin inghlacthacht na n-iarratas a mheas, **iarrtar ar iarrthóirí na nithe seo a leanas a lua go soiléir sa CV:**

- maidir le cúrsaí staidéir a rinneadh: dáta tosaigh agus dáta deiridh an chúrsa, gnáthfhad an chúrsa iomláin agus teideal beacht an dioplóma a baineadh amach;
maidir leis na tréimhsí taithí gairmiúla: dáta tosaigh agus dáta deiridh gach taithí agus cineál beacht na bpost, sonraítear líon na foirne agus méid an bhuiséid a bhainistítear.

2. Roghnú:

Tar éis na n-agallamh, déanfaidh an painéal réamhroghnúcháin a chuid conclúidí a tharraingt suas agus molfaidh sé liosta iarrthóirí le haghaidh agallamh deiridh ina dhiaidh sin leis an Ard-Stiúrthóir agus leis an Rapóirtéir a ceapadh don phróiseas roghnúcháin, agallamh a dhéanfar chun iad a mheasúnú agus a chur i gcomparáid le chéile go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta de réir a gcuid cáilíochtaí, a gcuid taithí oibre agus a gcuid eolais ar theangacha, mar a leagtar amach san fhógra seo. Cinnteoidh an Rapóirtéir go mbeidh trédhearcacht agus próis chuí ann i gcaitheamh an nós imeachta.

Na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chuig agallamh deiridh dóibh, glacfaidh siad páirt in ionad measúnaithe bainistíochta a mhairfidh lá iomlán agus a reáchtálfaidh comhairleoirí earcaíochta seachtracha. Is é an tArd-Stiúrthóir a dhéanfaidh an cinneadh deiridh maidir leis an gceapachán, rud a dhéanfaidh sé i bhfianaise thorthaí an agallaimh agus thuarascáil an ionaid measúnaithe.

⁵ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A01962R0031-20140701>

⁶ https://commission.europa.eu/document/download/1d27d710-8c90-45d0-b9ef-6f4551a62a53_en?filename=european-commission-decision-on-middle-management-staff_3288_c_2016_en.pdf

Doiciméid tacaíochta

Féadfar a iarraidh ar iarrthóirí na doiciméid tacaíochta oifigiúla seo a leanas a chur ar fáil tráth ar bith le linn an phróisis, ar doiciméid iad lena ndearbhaítear an fhaisnéis a thug siad ina CV agus ina litir inspreagtha.

- Cóip de dhoiciméad a chruthaíonn an tsaoránacht atá acu (cárta aitheantais nó pas);
- Cóip de na dioplómaí nó de na teastais a chruthaíonn go bhfuil an leibhéal oideachais acu a iarrtar;
- Teastais fostaíochta a chruthaíonn fad na taithí oibre atá acu.

Dáta tosaigh, dáta deiridh agus fad gach ceann de na tréimhsí taithí oibre atá an t-iarrthóir ag iarraidh a chur san áireamh don phróiseas roghnúcháin seo, ní mór an méid sin a bheith luaite go soiléir sna doiciméid sin. Chuige sin, ba cheart do na hiarrthóirí teastais fostaíochta ó na fostóirí a bhí acu agus ón bhfostóir atá acu faoi láthair a chur ar fáil. I gcás nach féidir an méid sin a dhéanamh, glacfar le cóipeanna de chineálacha doiciméid eile, e.g.: conarthaí fostaíochta maille leis an gcéad duillín pá agus an duillín pá deiridh agus duillín pá na míosa deiridh de gach bliain eile i gcás conradh a mhair níos mó ná bliain, litreacha oifigiúla nó doiciméid cheapacháin maille leis an duillín pá deiridh, taifid fostaíochta, dearbhuithe cánach.

Mura gcuirfear na doiciméid sin ar fáil laistigh den sprioc-am atá leagtha síos san iarraidh, d'fhéadfaí iad a chur as an áireamh ón roghnúchán.

Na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh dóibh chuig an agallamh deiridh, cuirfear de cheangal orthu dearbhú a thabhairt go bhfuil siad tiomanta a bheith ag gníomhú go neamhspleách ar mhaithe leis an bpobal, agus dearbhú a thabhairt maidir le haon leas atá acu a d'fhéadfaí a mheas a bheith dochrach dá neamhspleáchas.

Ceapachán

Ní mór don iarrthóir a roghnófar aon oibleagáid dlí a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige, teistiméireachtaí carachtair cuí a chur ar fáil maidir lena oiriúnaí atá sé i dtaca lena chuid dualgas a dhéanamh, agus a bheith in ann ag dualgais an phoist ó thaobh folláine coirp de.

Ba cheart don iarrthóir a roghnófar deimhniú bailí imréitigh slándála óna údarás náisiúnta slándála a bheith aige nó a bheith in ann an deimhniú sin a fháil. Is éard atá in imréiteach slándála pearsanta cinneadh riaracháin a dhéantar i ndiaidh grinnfhiosrúchán slándála a chur i gcrích, grinnfhiosrúchán a dhéanann údarás náisiúnta slándála inniúil an iarrthóra i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacháin náisiúnta slándála is infheidhme, agus lena ndeimhnítear go bhféadfar cead a thabhairt do dhuine aonair rochtain a fháil ar eolas rúnaicmithe suas le leibhéal áirithe. (Tabhair do d'aire gur ar iarraidh an fhostóra amháin is féidir tús a chur leis an bpróiseas is gá maidir le himréiteach slándála, agus ní ar iarraidh an iarrthóra).

Ní bheidh rochtain ag an iarrthóir ar fhaisnéis rúnaicmithe AE (FRAE) ar an leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó os a chionn sin, ná ní fhreastalóidh sé ar aon chruinniú ag a bpléifear FRAE den sórt sin, go dtí go dtabharfaidh an Ballstát lena mbaineann an t-imréiteach slándála pearsanta agus go gcuirfear an nós imeachta imréitigh i gcrích leis an seisiún faisnéise ó Stiúrthoireacht Slándála an Choimisiúin, seisiún atá ina cheanglas dlí.

Comhdheiseanna

I gcomhréir le hAirteagal 1d de na Rialacháin Foirne, saothraíonn an Coimisiún cuspoir straitéiseach an comhionannas inscne a bhaint amach ar gach leibhéal bainistíochta agus cuireann sé beartas comhdheiseanna i bhfeidhm lena spreagtar iarratais a d'fhéadfadh cur leis an éagsúlacht, leis an gcomhionannas inscne agus leis an gcothromaíocht gheagrafach fhoriomlán.

Coinníollacha fostaíochta

Na hiarrthóirí a n-éireoidh leo, d'fhéadfadh sé go dtairgfi conradh sealadach dóibh faoi Airteagal 2(b) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Cinneadh C(2025) 4716 ón gCoimisiún an 16 Iúil 2025 lena leagtar síos forálacha ginearálta cur chun feidhme maidir le gníomhairí sealadacha a fhostú agus a úsáid⁷.

3 bliana⁸ a mhairfidh an chéad chonradh, agus féadfar dhá bhliain ar a mhéad a chur leis.

Agus uasfhad an chonartha á chinneadh, cuirfear san áireamh forálacha ábhartha Chinneadh C(2004)1597/6 ón gCoimisiún an 28 Aibreán 2004 maidir leis an uasfhad is féidir foireann neamhbhuan a úsáid (7 mbliana le linn tréimhse 12 bhliain), mar a leasaíodh.

Tá na tuarastail agus na coinníollacha fostaíochta leagtha síos sna Rialacháin Foirne.

Déanfar an t-iarrthóir a n-éireoidh leis a fhostú mar ghníomhaire sealadach ar ghrád AD13 agus rangófar é i gcéim 1 nó i gcéim 2 laistigh den ghrád sin, ag brath ar fhad na taithí oibre a bhí aige roimhe sin.

Ba chóir d'iarratasóirí a thabhairt dá n-aire go gceanglaítear de réir na Rialachán Foirne nach mór do gach ball foirne nua tréimhse phromhaidh 9 mí i gcrích agus toradh sásúil a bheith uirthi.

AN ÁIT FOSTAÍOCHTA: Lucsamburg

LEIBHÉAL: AD13

Neamhspleáchas agus dearbhú leasanna

Sula rachaidh an t-iarrthóir a roghnófar i mbun a chuid dualgas, cuirfear de cheangal air dearbhú a thabhairt go bhfuil sé tiomanta a bheith ag gníomhú go neamhspleách ar mhaithe leis an bpobal agus aon leas atá aige a d'fhéadfaí a mheas a bheith dochrach dá neamhspleáchas a dhearbhu.

Eolas tábhachtach d'iarrthóirí

Cuirtear i gcuimhne d'iarrthóirí gur faoi rún atá an obair a dhéanann na painéil roghnúcháin. Tá cosc ar iarrthóirí dul i dteagmháil, go díreach nó go hindíreach, le comhaltaí na bpainéal sin, agus tá cosc ar dhuine ar bith eile déanamh amhlaidh thar a gceann. Ní mór gach fiosrúchán a sheoladh chuig rúnaíocht an phainéil lena mbaineann.

Sonraí pearsanta a chosaint

Cinntoidh an Coimisiún go bpróiseálfar sonraí pearsanta na n-iarrthóirí de réir mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁹. Baineann sé sin go háirithe le rúndacht agus le slándáil na sonraí sin.

An nós imeachta maidir le hiarratas a dhéanamh

Sula gcuirfidh tú an t-iarratas isteach, ba cheart duit a sheiceáil go cúramach an gcomhlíonann tú gach ceann de na riachtanais incháilitheachta ('Ní mór na cáilíochtaí seo a bheith ag iarrthóirí'), go háirithe iad

⁷ https://commission.europa.eu/document/download/a0c42654-bd5d-4fa6-8fba-613603da63f5_en?filename=commission-decision-temporary-agents-c-2013-9049-en.pdf

⁸ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TEXT/?uri=CELEX%3A32008D3983&qid=1730318678690>

⁹ [Rialachán \(AE\) 2018/1725](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

sin a bhaineann leis na cineálacha dioplóma, leis an taithí ghairmiúil agus leis an acmhainn teangacha atá ag teastáil. Má tá aon cheann de na riachtanais incháilitheachta nach gcomhlíonann iarrthóir, eisiafar é go huathoibríoch ón bpróiseas roghnúcháin.

Más mian leat iarratas a dhéanamh, ní mór duit clárú tríd an idirlíon ar an suíomh gréasáin seo thíos agus na treoracha maidir leis na céimeanna éagsúla den phróiseas a leanúint:

<https://europa.eu/!NCKMBd>

Ní mór seoladh ríomhphoist bailí a bheith agat. Bainfear úsáid as an seoladh ríomhphoist sin chun do chlárúchán a dheimhniú agus chun dul i dteagmháil leat ag céimeanna éagsúla den phróiseas. Dá bhrí sin, coinnigh an Coimisiún Eorpach ar an eolas faoi aon athrú ar do sheoladh ríomhphoist.

Chun d'iarratas a chríochnú, ní mór duit:

- a) formáid PDF **Curriculum Vitae (CV)** a sholáthar, agus formáid CV Europass á húsáid más féidir¹⁰;
- b) **litir inspreagtha** a líonadh isteach ar líne (uasmhéid 8 000 carachtar).

Is féidir leat an CV agus an litir inspreagtha a chur isteach in aon cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

Is chun do leasa é a chinntiú go bhfuil d'iarratas cruinn, críochnúil agus fírinneach.

Ar chríochnú do chlárúcháin ar líne duit, gheobhaidh tú ríomhphost a dheimhneoidh gur cláraíodh d'iarratas. **Mura bhfaighidh tú ríomhphost deimhnithe, níor cláraíodh d'iarratas!**

Tabhair do d'aire nach féidir monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn d'iarratais ar líne. Rachaidh an Coimisiún Eorpach i dteagmháil go díreach leat maidir le stádas d'iarratais.

Ní ghlacfar le hiarratais a sheolfar trí ríomhphost. Má tá tuilleadh eolais uait nó má bhíonn fadhbanna teicniúla agat, seol ríomhphost chuig:

HR-MANAGEMENT-ONLINE@ec.europa.eu

Is fútsa atá sé do chlárúchán ar líne a chríochnú in am. Moltar go láidir duit gan fanacht go dtí cúpla lá roimh an dáta deiridh chun iarratas a dhéanamh, mar go bhféadfadh trácht trom ar an idirlíon nó fadhb a bhaineann leis an nasc idirlín deireadh a chur leis an gclárúchán ar líne sula mbeidh sé críochnaithe agat, rud a d'fhágfadh go mbeidh ort an próiseas iomlán a dhéanamh athuair. Nuair a bheidh an sprioc-am le hiarratas a chur isteach thart, ní bheidh tú in ann tuilleadh sonraí a chur isteach. Ní ghlacfar le clárúcháin dhéanacha.

Dáta deiridh

Is é **an 24.6.2026, 12.00 meán lae, am na Bruiséile**, an sprioc-am le clárú. Ní féidir clárú ina dhiaidh sin.

¹⁰ Tá eolas le fáil faoi conas CV Europass a chruthú ar líne ag: <https://europa.eu/europass/ga/create-europass-cv>